CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 21 Samhain 2022

Cuireann easpa comhordaithe teorainn le tionchar chistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais

Níl leas iomlán á bhaint as sineirgí idir clár taighde ilbhilliúin an Aontais ar a dtugtar Fís 2020 agus Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), de réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Ní raibh bloic thógála éagsúla a bhí ag teastáil chun na sineirgí sin a chruthú curtha i bhfeidhm fós i dtréimhse 2014-2020. Ní dhéanann an Coimisiún Eorpach agus údaráis a bhainistíonn cistí i dtíortha an Aontais comhoibriú go críochnúil, agus is minic a oibríonn údaráis bainistithe cistí i struchtúir dheighilte agus aonaracha a chuireann cosc orthu ó úsáid a bhaint as na cistí ar bhealach comhlántach. Cuireann sé seo teorainn leis an gcur chun feidhme agus tionchar ar infheistíochtaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht (T&N), agus cuireann sé bac ar iarrachtaí chun an deighilt T&N san Eoraip a réiteach.

Idir 2014 agus 2018, thiomnaigh an tAontas 12 % dá bhuiséad do T&N, níos mó ná mar a rinneadh riamh roimhe seo. As sin, tháinig €76.4 billiún ó Fhís 2020, agus beagnach €41 bhilliún ó CSIE. Sheiceáil na hiniúchóirí an raibh na bearta is gá chun sineirgí idir na cistí a chruthú glactha ag an gCoimisiún agus údaráis bhainistíochta chun a áirithiú go raibh éifeacht níos mó acu ná mar a bhíonn ag idirghabhálacha aonair.

"*Ag tráth nuair atá saoránaigh ag brath ar thaighdeoirí agus ar nuálaithe i líon mór réimsí tábhachtacha – ó fhorbairt vacsaíne go fuinneamh agus an t-aistriú glas agus digiteach – ní mór dúinn tionchar chistiú T&N a uasmhéadú*", a dúirt Ivana Maletić, an comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. "*Ar an gcéad amharc, bheadh an chosúlacht air gur dhá rud iomlán éagsúil iad Fís 2020 agus CSIE agus gur beag atá i gcoiteann acu. Is féidir leo tionchar níos mó a bhaint amach, áfach, trí thacaíocht a thabhairt dá chéile. Chun go dtarlódh sé sin, tá gá le comhar ón tús, i ndearadh agus i gcur chun feidhme an chláir.*"

Fuair na hiniúchóirí nach raibh roinnt tosca atá bunriachtanach chun sineirgí idir na cistí a chruthú curtha i bhfeidhm go fóill i dtréimhse 2014-2020. An chéad rud, ní raibh na rialacha do na cistí ailínithe go maith. Tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun é seo a leigheas i dtréimhse 2021-2027, ach beidh le feiceáil an gcruthóidh na hathruithe an tionchar a mheastar a bheidh ann. An dara rud, cé gur tháinig feabhas ar chomhar laistigh den Choimisiún le linn thréimhse 2014-2020, is minic a bhí comhar idir an Coimisiún agus Ballstáit, agus laistigh de Bhallstáit iad féin, easnamhach. An tríú rud, cé go bhfuil sé bunriachtanach faisnéis a bheith ann faoi thionscadail agus tairbhithe a bhí cistithe ag Fís 2020 agus CSIE araon, ní raibh aon bhunachar sonraí cuimsitheach ann ar na tionscadail uile a bhí maoinithe ag CSIE go dtí Márta 2022. An bunachar sonraí a tugadh isteach ó

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

shin, níl sé ar comhréir fós leis an mbunachar sonraí le haghaidh Fís 2020. Ba é an ceathrú toisc ná saineolas agus cumais bhainistíochta na n-údarás bainistíochta i dtíortha an Aontais, a bhí easnamhach, in ainneoin na tacaíochta a thug an Coimisiún.

Chun go dtiocfaidh sineirgí i gcrích, ní mór iad a bheith beartaithe ar bhealach iomchuí sa phleanáil straitéiseach ó chéim luath. Fuair na hiniúchóirí, áfach, gur beag tagairt a rinne doiciméid le haghaidh pleanáil straitéiseach CSIE do shineirgí le Fís 2020. Ina theannta sin, is minic a bhí na tosaíochtaí a leagadh amach sna doiciméid straitéiseacha sin róleathan, rud a d'fhág go raibh sé deacair infheistíochtaí a dhíriú agus sineirgí a chruthú. Rinneadh faillí ar leith ar shineirge amháin, is é sin úsáid a bhaint as cistiú CSIE chun leas a bhaint as torthaí T&N ó thionscadail Fís 2020. Cúis amháin a bhí leis seo ná nach raibh a fhios ag údaráis bhainistíochta CSIE conas sineirgí a chruthú ná conas torthaí tionscadail Fhís 2020 a aimsiú. Deir na hiniúchóirí gur deis chaillte í sin le haghaidh torthaí T&N a chur i ngníomh go praiticiúil. Sampla eile is ea an Séala Barr Feabhais, ar marc cáilíochta do thograí ó Fhís 2020 é a fuair meastóireacht dhearfach ach nach bhfuair cistiú mar gheall ar easpa acmhainní. D'fhéadfadh sé cistiú faoi CSIE a éascú, ach níor úsáideadh é ach go pointe áirithe. Rinneadh roinnt sineirgí eile, amhail tacaíocht CSIE d'ionaid taighde chun cabhrú le tionscadail dul san iomaíocht le haghaidh cistiú níos roghnaithí faoi Fhís 2020, a bhaint amach go ginearálta.

Faisnéis chúlra

Tá barr feabhais á lorg ag cistí Fhís 2020 agus a chomharba Fís Eorpach, agus is é is aidhm do CSIEnna ná éagothromaíochtaí idir réigiúin a laghdú, lena n-áirítear trí thacú le T&N. Tá tábhacht ar leith ag sineirgí do thíortha atá tite ar gcúl in T&N, ós rud é go gcuidíonn siad le comhordú a dhéanamh ar úsáid chistí Fís 2020 agus CSIE, rud a mbeadh éifeacht níos mó aige ná mar a bheadh ag ceachtar den dá chiste ina n-aonar. Tá níos mó airgid fós leithdháilte ar T&N faoi Fhís Eorpach agus CSIE i dtréimhse 2021-2027, agus tá tábhacht níos mó tugtha do shineirgí.

Tuarascáil speisialta 23/2022, 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE. Is comhlánú í ar Thuarascáil speisialta 15/2022 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502